2006-2011

Plean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo

Plean comhpháirtíochta ullmhaithe ag Fóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo

Buíochas

Is mian le Fóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo ról na Comhairle Oidhreachta a admháil in ullmhú an Phlean Oidhreachta seo i gcomhar le Comhairle Chontae Mhaigh Eo.

Admhaíonn an Fóram cúnamh na Comhairle Oidhreachta trí phost an Oifigigh Oidhreachta a mhaoiniú i gcomhar le Comhairle Chontae Mhaigh Eo.

I gcóir tuilleadh eolais déan teagmháil le:

Deirdre Cunningham
Oifigeach Oidhreachta
Comhairle Chontae Mhaigh Eo
Áras an Chontae
Caisleán an Bharraigh
Co. Mhaigh Eo

Teil: 094 902 4444
Rphost: heritageofficer@mayococo.ie

© Fóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo

Supported by the Heritage Council

le cuidiú an Chomhairle Oidhreachta

Clár

leathanach

1. Buíochas i
2. Réamhfhocal iii
3. Réamhrá agus Comhthéacs an Phlean Oidhreachta 1
4. Cuspóirí agus Gníomhartha 3
5. Ráiteas Straitéise 10

Aguisín

1. Ballraíocht Fhóram Oidhreachta Mhaigh Eo agus Comhghrúpaí Oibre iv
2. Imchruth an Phróisis a leanadh i gCeapadh an Phlean vii
3. Comhairliúchán Poiblí viii
4. Reachtaíocht Bhainteach ix

Réamhfhocal

Teachtaireacht ón gCathaoirleach, Fóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo



Is contae é Maigh Eo ina bhfuil taipéis fhairsing oidhreachta a thuilleann a taifeadadh do ghlúine atá le teacht. Sa bplean seo, rinneadh gach iarracht a chinntiú go ndéanfar an oidhreacht seo a dhoiciméadú. Rinneadh obair an Fhóraim oidhreachta ar mhodh proifisiúnta agus tiomnaithe. Cuireadh cuid mhaith oibre dícheallaí isteach sa togra. Tháinig daoine chun tosaigh a bhfuil eolas luachmhar acu faoin a gceantair féin a bheadh caillte ar mhuintir ár gcontae seachas sin.

Is contae ollmhór é Maigh Eo comhdhéanta de chuid mhór gnéithe. Cuireann ár gcósta garbh, ár gcoillte, sléibhte agus gleannta ár gcontae ar cheann de na contaetha is taitneamhaí sa Phoblacht. Tá fás ollmhór tagtha ar ár mbailte le blianta beaga anuas agus tá iontu cuid mhaith cnapanna d'ár dtionsclaíocht san am a caitheadh, a d'imir ról chomh tábhachtach sin in eacnamaíocht ár dtíre.

Tá a scéal féin le n-insint ag gach baile fearainn agus paróiste. D'fhéadfadh gnéithe áirithe dár n-oidhreacht a bheith gan tábhacht ar an gcéad amharc, ach is páirt chomhtháite iad d'ár n-am a caitheadh. Sníofa le chéile, léiríonn siad pictiúr stairiúil d'ár n-am atá caite a thabharfaidh bród as cuimse ina n-áit féin do mhuintir ár dtíre.

I mblianta tosaigh an 21ú céad, in aois ollfhorbairtí i dteileachumarsáidí agus i ngnéithe eile, bheadh sé furasta ár n-oidhreacht a scaoileadh thart agus a ligean chun staire. Ach múnlaíonn an t-am atá thart ár dtodhchaí, agus tá ár n-oidhreacht, ár nósmhaireachtaí agus ár dtraidisiúin níos tábhachtaí inniu ná ariamh cheana i saol atá tapa agus casta.

I ngeall ar seo, leagann taifeadadh ár n-oidhreachta teimpléad síos le haghaidh na nglún atá le teacht. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo cuid mhaith de na gnéithe is tábhachtaí d'ár n-oidhreacht a chaomhnú agus feidhmeoidh sé mar dhea-threoir dóibh siúd uilig a bhfuil spéis acu in ár gcontae agus ina stair ilchineálach.

Tá tiomnú an phlean seo tar éis cuid mhór snáitheanna a tharraingt le chéile ó áiteanna éagsúla de Mhaigh Eo atá tagtha le chéile mar fhoireann chun an doiciméad fíor-mhaith seo a chur le chéile. Tá buíochas speisialta tuillte ag Deirdre Cunningham, Oifigeach Oidhreachta, i ngeall ar a tréithe ceannaireachta agus a spéis domhain i ngach rud a bhaineann le hoidhreacht Mhaigh Eo: do Des Mahon, Bainisteoir Contae; Joe Loftus, Stiúrthóir Seirbhísí, Gnóthaí Corparáideacha; baill den bhFóram Oidhreachta; Rannóg pleanála Chun Cinn, Comhairle Chontae Mhaigh Eo; baill CPS Cultúrtha, Oideachais, Oidhreachta agus Ghnóthaí Corparáideacha agus na grúpaí agus daoine aonaránacha éagsúla a thug a gcomhairle agus a gcuid eolais áitiúil don togra seo. Tá focal speisialta buíochais tuillte ag baill thofa Chomhairle Chontae Mhaigh Eo as ucht cuidiú agus tacú leis an bplean seo.

Clr. Johnny Mee

Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae

Tá áthas mór orm fáilte a chur roimh an bhfoilseachán seo, an chéad Phlean Oidhreachta do Chontae Mhaigh Eo. Tá oidhreacht saibhir agus éagsúil, ag cuimsiú ár lochanna, aibhneacha, cósta agus sléibhte, ár mbailte agus ár mbailte fearainn, ár leachtanna cuimhneacháin, ár nósanna, ár dteanga agus ár dtraidisiúin. Is í an oidhreacht saibhir agus sainiúil seo a leagann Maigh Eo amach mar áit chomh speisialta chun cónaí, chun oibre agus chun cuairt a thabhairt air.

Is cur i gcrích é foilsiú an phlean seo de chuspóirí de chuid Phlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2003-2011 agus Straitéis Chomhtháite 10-mbliana Bhord Forbartha Chontae Mhaigh Eo.

Is é aidhm an phlean ná frámaíocht a leagan amach do chaomhnú, do bhainistíocht agus do threisiú oidhreachta sa chontae thar tréimhse chúig bliana. Déanfaidh feidhmiú an phlean seo cur chuige comhpháirtíochta a bheith idir údaráis áitiúla Mhaigh Eo, áisíneachtaí stáit, áisíneachtaí forbartha agus pobail áitiúla.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo siúd uilig a raibh baint acu in ullmhú an phlean seo: an Chomhairle Oidhreachta i ngeall ar a tacaíocht leanúnach; an Clr. Johnny Mee, cathaoirleach an Fhóraim Oidhreachta; Deirdre Cunningham, Oifigeach Oidhreachta agus baill an Fhóraim Oidhreachta agus Grúpaí-oibre bainteacha.

Tá mé ag súil le feidhmiú an phlean thar na cúig bliana seo chugainn a thabharfaidh cuid mhór buntáistí d'oidhreacht agus do mhuintir Mhaigh Eo araon.

Des Mahon, Uasal

RÉAMHRÁ

Tá oidhreacht saibhir ag Maigh Eo ag cuimsiú eilimintí ilghnéitheacha gan chuntas. Áiríonn an oidhreacht seo ár dtírdhreacha, múnlaithe ag próisis gheolaíocha thar na milliúin bliain, a thug inspioráid d'údair agus d'ealaíontóirí uilig. Áiríonn sé ár dtírdhreach, ár sléibhte, ár n-aibhneacha, ár lochanna, ár bhfiadhúlra eabhlaithe thar na mílte bliain, agus cósta ilghnéitheach an ceann is faide sa tír lena n-ilghnáthóga, ó ailtreacha farraige agus cóstaí carraigeacha go tránna gainmheacha agus an t-aon fhiord in Éirinn, Cuan an Chaoláire. Cuimsíonn sé ár n-oileáin sa bhfarraige, áitrithe agus neamháitrithe, agus a dtraidisiúin bainteacha. Áiríonn sé ár suíomhanna seandálaíochta agus leachtanna cuimhneacháin, ár mbailte agus ár mbailte fearainn, ár bhfoirgnimh stairiúla agus ailtireacht dúchasach. Cuimsíonn sé ár stair, ár dteanga, ár logainmneacha agus ár nósanna. Comhcheanglann na heilimintí díchosúla seo chun a charachtar sainiúil féin a thabhairt do Mhaigh Eo.

Ní féidir áibhéil a dhéanamh de thábhacht agus de luach na hoidhreachta seo. Is í an oidhreacht seo a thugann dúinn ár, mothú féiniúlachta a shaibhríonn ár saoil agus a chuireann lenár saol laethúil. Chomh maith lena luach intreach, a bhuntáistí oideachasúla agus cultúrtha, tá sé fíorluachmhar ó thaobh na heacnamaíochta, ag cur taca faoi thionscal fíorthábhachtach turasóireachta Mhaigh Eo.

Is acmhainn fhuinniúil í oidhreacht Mhaigh Eo atá ag éabhlú de shíor. Tá brúnna níos mó ar ár n-acmhainn oidhreachta inniu na mar a bhí ag aon am atá caite. Cibé an bhfuil fhios againn faoi nó nach bhfuil, táimid de shíor ag déanamh roghanna maidir le céard iad na gnéithe d'ár n-oidhreacht ar chóir iad a choinneáil nó céard atá inchaite. Is minic na roghanna seo gan fhios ach go bhfuil siad curtha ar an eolas trínár luachanna féin agus ár dtuiscint ar an oidhreacht sin. 'Sí bainistíocht oidhreachta an próiseas trína ndéantar cinntí comhfhiosacha agus eolacha. Cé nach bhfuil sé indéanta nó inmhianaithe gach rud a chaomhnú, tá sé tábhachtach an gá le h-athrú a chothromú leis an mhian i leith caomhnaithe. Ní féidir ár n-oidhreacht a thabhairt ar ais má scriostar é uair amháin.

Fógraíonn ullmhú chéad Phlean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo cur chuige nua do bhainistíocht oidhreachta sa chontae. Is toradh é an plean ar chomhairliúchán forleathan, a forbraíodh trí chur chuige comhpháirtíochta, ag tabhairt le chéile pobail, údaráis áitiúla, ionadaithe tofa, ranna rialtais agus áisíneachtaí stáit, grúpaí áitiúla oidhreachta agus daoine aonair a bhfuil spéis acu ann. Seo í an chéad uair gur tháinig na grúpaí éagsúla seo le chéile chun plean gníomhaíochta a chur le chéile d'oidhreacht sa chontae. Déanfaidh forbairt agus feidhmiú Phlean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo tuiscint níos fearr d'ár n-oidhreacht a éascú agus cuirfidh sé ar ár gcumas na cinntí is eolasaí agus is féidir a dhéanamh maidir le todhchaí ár gcomhoidhreachta.

An Plean Oidhreachta i gComhthéacs

Tá aitheantas tugtha ag an rialtas dár n-oidhreacht le heisiúint an Phlean Náisiúnta Oidhreachta in Aibreán 2002. Is é aidhm an phlean seo ná 'caomhnú ár n-oidhreachta a chinntiú agus a shealúchas ag cách a chur chun cinn.' Aithníonn an plean go n-imríonn caomhnú agus bainistiú ár n-oidhreachta ról riachtanach in ardchaighdeán maireachtála a choinneáil. Aithníonn sé, freisin, go bhfuil tábhacht eacnamaíoch ag oidhreacht, go háirithe tré thurasóireacht. Leagann an Plean Náisiúnta Oidhreachta straitéis agus frámaíocht chuimsitheach amach do chosaint agus do bhainistiú oidhreachta agus is eochairghníomhaíocht sa bplean é an ghlao i leith Pleananna Oidhreachta ag leibhéil chontae agus chathrach a ullmhú.

Is freagra é réitiú Phlean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo ar an tionscnamh seo agus ar riachtanais an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta a saothraíodh comhthreomhar leis an bPlean Náisiúnta Oidhreachta. Déanann ullmhú an Phlean Náisiúnta Oidhreachta cuspóir de chuid an Phlean Forbartha Contae 2003-2009 agus Phlean Corparáideach Mhaigh Eo 2005-2009 a chomhlíonadh freisin. Tá cur le chéile Phlean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo liostáilte freisin mar thosaíocht i Straitéis Chomhtháite Bhord Forbartha Chontae Mhaigh Eo d'Fhorbairt Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha Chontae Mhaigh Eo 2002-2012.

Ceapadh an Phlean Oidhreachta

Tá Plean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo ceaptha ag Fóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo, grúpa comhairleach bunaithe ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo chun cuidiú leis an gComhairle in ullmhú agus i bhfeidhmiú an Phlean. Déanann an Fóram ionadaíocht do chomhpháirtíocht ionadaithe tofa, d'oifigigh comhairle, agus ionadaithe ó áisíneachtaí stáit, ó fhorbairt áitiúil, ghrúpaí pobail, agus earnálacha feilméireachta agus oideachais agus ó ghrúpaí áitiúla oidhreachta. Bhunaigh an Fóram trí ghrúpa oibre: Oidhreacht Fhoirgnithe, Oidhreacht Nádúrtha/Bhithéagsúlachta agus Oidhreacht Seandálaíochta/Chultúrtha. Cuimsíonn ballraíocht na ngrúpaí-oibre baill an Fhóraim agus daoine bainteacha breise le heolas agus hoilteacht (Aguisín 1). Rinne na grúpaí-oibre measúnú ar aighneachtaí faighte ón bpróiseas comhairliúcháin i leith eochaircheisteanna a aithint agus gníomhartha a cheapadh le n-áireamh sa bPlean. Tá moltaí na ngrúpaí-oibre mar bhunús leis an bplean seo.

Feidhmiú an Phlean Oidhreachta

Léiríonn Plean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo fís do bhainistiú agus do chaomhnú oidhreacht Mhaigh Eo thar na gcúig bliana seo atá ag teacht. Sa chéad deich seo den mhílaois, tugann an Plean Oidhreachta deis dúinn stoc a thógáil d'ár n-acmhainne oidhreachta. Tríd chomhairliúchán leathan, rinneadh tosaíochtaí agus cuspóirí oidhreachta don gcontae a aithint agus leagadh amach céimeanna chun iad seo a bhaint amach, le bheith tógtha idir lámha thar tréimhse chúig bliana an Phlean.

Is eochairchuspóirí de Phlean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo iad feasacht a mhéadú faoin ár n-oidhreacht eolas ar oidhreacht a bhailiú agus a dháileadh agus deá-chleachtas a chur chun cinn do bhainistiú oidhreachta sa chontae. Tá 90 gníomh sa bPlean, iad catagóirithe faoi na dtrí bpríomhthéamaí seo. Cé go bhfuil an plean uaillmhianach, tá chuile iarracht déanta chun a chinntiú go bhfuil na gníomhartha oidhreachta réadúil agus indéanta le linn shaol an phlean.

Ní plean reachtúil nó doiciméad polasaí é an Plean Oidhreachta. Tá polasaí oidhreachta leagtha amach i ndoiciméid eile, mar an Plean Forbartha Contae, a leagann amach straitéis iomlán i gcóir pleanáil cheart agus forbairt inmharthana an chontae. De rogha, déanann an Plean Oidhreachta comhlánú ar an bPlean Forbartha Contae, agus ar phleananna reachtúla eile, tré dhíriú ar chuspóirí sna pleananna seo a chur chun cinn, tré chéimeanna praiticiúla a leagan amach ar bhféidir a ghlacadh chun ár n-oidhreacht a aithint, a chosaint agus a bhainistiú ag an leibhéal áitiúil.

Léiríonn foilsiú Phlean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo tús, ní críoch. Tá an plean ag iarraidh tógáil agus comhlánú a dhéanamh ar shaothar iliomad áisíneachtaí, pobal, grúpaí agus daoine aonair á déanamh faoi láthair sa chontae. Léiríonn feidhmiú an phlean mórdhúshlán agus beidh comhoibriú agus gafacht leanúnach ag teastáil má tá ár n-uaillmhianta le baint amach.

Cuspóirí agus Gníomhartha

Cuspóirí agus Gníomhartha

Cuspóir 1 – Cur chun cinn Feasachta agus Omóis dár nOidhreacht

	Gníomh
1.1	Plean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo a chur chun cinn agus a fheidhmiú trí shuíomh ghréasán oidhreachta Chomhairle Chontae Mhaigh Eo, mheáin áitiúla, sheimineáir agus nuachtlitreacha
1.2	Suíomh ghréasán oidhreachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo, www.mayococo.ie/heritage a leathnú, a choinneáil agus a nuashonrú go leanúnach
1.3	Seimineáir phoiblí eolais oidhreachta, cainteanna agus taispeántais rialta a óstáil chun aird a dhíriú agus feasacht a ardú maidir le ceisteanna oidhreachta
1.4	Forbairt a dhéanamh ar scéim ghradam bhliantúil oidhreachta chontae
1.5	Nuachtlitir bhliantúil oidhreachta a eisiúint
1.6	Sraith bhileoga oidhreachta a eisiúint ar ghnéithe éagsúla d'oidhreacht fhoirgnithe, nádúrtha agus chultúrtha an chontae
1.7	Lógó Fhóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo a fhorbairt
1.8	Gréasán Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo a fhorbairt
1.9	Beart faisnéise um Struchtúr Cosanta a tháirgeadh
1.10	Beartanna faisnéise a tháirgeadh agus a dháileadh ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna
1.11	Feasacht phoiblí a ardú maidir le tábhacht dhabhach múnlaigh éifeachtach a choinneáil (cothabháil rialta, srian a chur le h-úsáid bithicídí agus ghlantach láidir, srl.)
1.12	Feasacht phoiblí a ardú maidir le ceisteanna oidhreachta i gComórtas na mBailte Slachtmhara agus dea-chleachtais i mbainistiú bitheagsúlachta agus oidhreachta fhoirgnithe a chur chun cinn
1.13	Feachtas oideachais agus feasachta a fhorbairt maidir leis an scrios a bhfuil speicis choimhthíocha ionracha mar údar orthu
1.14	Cuir Suirbhéireacht Chairde Éanlaith Éireann chun cinn
1.15	Déan an togra 'Éanlaith sa gClós Scoile' a fhorbairt

Gníomh

Cuspóir 1 – Cur chun cinn Feasachta agus Omóis dár nOidhreacht

1.16	Ionaid oidhreachta agus músaeim atá ann a spreagadh agus a threisiú, i gcomhar le pobail áitiúla, taispeántais áitiúla oidhreachta nádúrtha a fhorbairt áit gur féidir
1.17	Ionaid oidhreachta agus músaeim atá ann i láithreacha cósta a spreagadh agus a threisiú chun taispeántais mara a fhorbairt
1.18	Liosta tailte coille sa chontae atá oscailte don bpobal a chur le chéile agus a fhoilsiú i mbróisiúr/ar shuíomh ghréasán Chomhairle Contae Mhaigh Eo
1.19	Rannpháirtíocht i Seachtain Náisiúnta Chrann agus lá Náisiúnta Crann a chur chun cinn agus a spreagadh
1.20	Slí ghloine dhaite Harry Clarke sa chontae a chur chun cinn agus a spreagadh (nasctha le Gníomh 2.20)
1.21	Cuidiú le hobair an INOA chun breis eolais agus ómóis d'oidhreacht ailtireachta Mhaigh Eo a chothú
1.22	'Lá Dhorais Oscailte' a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le coimeádaithe le linn na seachtaine oidhreachta chun mínsamplai d'oidhreacht seandálaíochta an chontae a chur chun cinn
1.23	Foinsí féideartha maoinithe do thograí oidhreachta a aithint agus a fhoilsiú
1.24	Scéim 'Oidhreacht i Scoileanna' CME/Chomhairle Oidhreachta a chur chun cinn
1.25	Seimineár a óstáil ar ainmneacha páirceanna agus logainmneacha
1.26	Seimineár a óstáil ar fhoilsiú foilseachán oidhreachta áitiúla agus staire (nasctha le Gníomh 3.25)
1.27	Foilsiú agus scaipeadh tuarascálacha ar thochailt seandálaíochta a spreagadh
1.28	Suíomh gréasáin 'Longa Báite Mhaigh Eo' a fhorbairt
1.29	Cuidiú a sholáthar do thionscnamh foilsitheoireachta de Ghréasán Músaem Mhaigh Eo

Cuspóir 2 – Bailiú agus Scaipeadh Eolais Oidhreachta

	Gníomh
2.1	Eolaí Oidhreachta Contae gréasán-bunaithe a fhoilsiú agus a nuashonrú go rialta
2.2	Bunachar mionsonraithe sonraí a chur le chéile de ghníomhartha dearfacha reatha do chosaint agus do chaomhnú acmhainní oidhreachta laistigh den gcontae
2.3	Fardal speiceas crann suntasach sa chontae a chur ar fáil
2.4	Suirbhéireacht ghnáthóga sa chontae a thosnú
2.5	Bunachair sonraí oidhreachta nádúrtha reatha sa chontae a chomhordú agus an t-eolas seo a chur ar fáil. Bearnaí eolais a aithint
2.6	Bunachar cuimsitheach de pháipéir eolaíochta bainteach le hoidhreacht nádúrtha sa chontae a thiomsú
2.7	Gnáthóga agus speicis de shuntasacht speisialta i Maigh Eo a aithint agus a aibhsiú d'fhonn a bhfoilsithe
2.8	Suíomhanna de spéis agus de thábhacht gheolaíoch agus gheomoirfeolaíoch sa chontae a aithint d'fhonn rianta geolaíocha a fhorbairt
2.9	'Foirmíochtaí Carraige Dheiscirt Mhaigh Eo: Múnla Tríthoiseach de Luath-oidhreacht' a chruthú
2.10	Fardal casán agus siúlóidí oidhreachta sa chontae a thiomsú agus a gcur chun cinn a chomhordú (nasctha le Gníomhartha 3.4 & 3.5)
2.11	Suirbhéireacht fhálta sceach sa chontae a dhéanamh
2.12	Suirbhé d'ailtireacht dúchasach sa chontae a dhéanamh
2.13	Fardal de thithe ceann tuí sa chontae a thiomsú
2.14	Fardal d'oidhreacht tionsclaíoch sa chontae a thiomsú
2.15	Staidéir phiolóideacha de dháileadh geografach na stíleanna éagsúla ballaí cloiche sa chontae a dhéanamh. Póstaer de stíleanna éagsúla ballaí cloiche sa chontae a thairgeadh
2.16	Fardal de dhroichid stairiúla sa chontae a thiomsú
2.17	Fardal d'oidhreacht iarnróid Mhaigh Eo a thiomsú

Cuspóir 2 – Bailiú agus Scaipeadh Eolais Oidhreachta

	Gníomh
2.18	Eolas foilsithe agus neamhfhoilsithe maidir le hoidhreacht fhoirgnithe Chontae Mhaigh Eo a aithint agus catalóg de a chur ar fáil ar shuíomh ghréasán Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo
2.19	Iniúchadh a dhéanamh ar shuíomhanna oidhreachta in úinéireacht Chomhairle Chontae Mhaigh Eo
2.20	Fardal de ghloine dhaite i séipéil agus i gcineálacha eile foirgneamh bainteach (Nasctha le Gníomh 1.20)
2.21	Bunachar sonraí de thaighde agus staidéir sheandálaíochta foilsithe agus neamhfhoilsithe atá ann sa chontae a chruthú agus an t-eolas seo a chur ar fáil go forleathan
2.22	Liosta d'fhoilseacháin oidhreachta uilig Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus d'fhoilseacháin maoinithe ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo a thiomsú agus iad a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin oidhreachta
2.23	Fardal a thiomsú de chillíní agus de leachtanna cuimhneacháin ar fud an chontae nár taifeadadh roimhe seo, e.g. toibreacha beannaithe, scrínte, carraigeacha aifrinn, srl.
2.24	Bunachar sonraí a chruthú de thuarascálacha uilig EIS agus seandálaíochta táirgthe sa chontae agus a chinntiú go ndéantar tuarascálacha uilig dá leithéid a thaisceadh le Leabharlann an Chontae agus go bhfuil siad infhaighte ag an bpobal
2.25	Cartlann de cheol traidisiúnta, amhráin agus rince Mhaigh Eo a thiomsú
2.26	Cuidiú le ceardaithe traidisiúnta Mhaigh Eo a thaifeadadh
2.27	Athchuairt a thabhairt ar thogra Choimisiúin Bhéaloidis 1938 ar bhonn piolóideach
2.28	Taifeadadh a dhéanamh ar fhianaise ársaí Chogadh Domhanda II agus ársaí coimhlintí eile arb' de bhunadh Mhaigh Eo iad nó go bhfuil cónaí ortha i gContae Mhaigh Eo

Cuspóir 3 – Cur Chun Cinn Deá-Chleachtais i mBainistiú agus i gCaomhnú Oidhreachta

	Gníomh
3.1	Plean Bithéagsúlachta Contae a réiteach
3.2	Clár Scileanna a chur ar fáil don gContae, ag áireamh scileanna traidisiúnta tógála agus cleachtóirí ealaíon
3.3	Ábhar oiriúnach oiliúna a fhardail agus a chur ar fáil ar an gcúram agus ar an mbainistíocht cheart d'oidhreacht nádúrtha (acmhainní atá ann i DVD traenála REP, videoanna ar chaighdeán uisce, srl.)
3.4	Tacú le Réitiú Straitéise Siúil don tír (nasctha le Gníomhartha 2.10 & 3.5)
3.5	Scéim a fhorbairt chun cur ar chumas pobal casáin agus siúlóidí áitiúla a fhorbairt (nasctha le Gníomhartha 2.10 agus 3.4)
3.6	Comórtas 'Míle Órga' laistigh den gcontae a bhunú agus a fhorbairt
3.7	Traenáil intí a sholáthar d'innealtóirí agus do phleanadóirí údarás áitiúil i ngnéithe uilig de chaomhnú oidhreachta
3.8	Glacadh na Scéime Coillchomharsanachta agus Coillearnaí dúchasaí a spreagadh chun coillearnachtaí nua a fheabhsú nó cinn nua a chruthú
3.9	Féidearthacht fhodhlíthe a thabhairt isteach chun bac a chur ar scaipeadh speiceas coimhthíoch ionrach ar aithne maidir le bheith ag bagairt ar éicechórais (nasctha le Gníomhartha 1.13 & 3.10)
3.10	Bheith i gcomhthadhaill le Tionscnamh Diúilicíní Riabhacha Fhóram Oidhreachta na Gaillimhe (nasctha le Gníomhartha 1.13 & 3.9)
3.11	Deiseanna traenála a sholáthar agus a chur chun cinn don bpobal, do ghrúpaí pobail, do chonraitheoirí agus d'fhoireann údarás áitiúil i scileanna traidisiúnta mar thógáil bhallaí cloiche tirime, ghearradh cloch, thuíodóireacht, rindreáil aoil, bhunú agus bhainistiú fálta sceach
3.12	Treoirlínte agus comhairle a sholáthar d'fhorbróirí, d'údaráis phleanála agus don bpobal ar chomhtháthú caomhnaithe bitheagsúlachta isteach sa bpróiseas forbartha
3.13	Coistí logainmneacha Mhaigh Eo a bhunú chun comhairle a chur ar údaráis áitiúla maidir le h-ainmniú forbairtí nua
3.14	Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ar chomharthaí bailte fearainn agus in ainmneacha forbairtí nua
3.15	A chinntiú go ndéantar soláthar trí choinníollacha ceangailte leis an bpróiseas stiúrtha forbartha do chosaint agus, áit gur féidir, fheabhsú oidhreachta
3.16	Plandú speiceas dúchasach a chur chun cinn, agus de rogha foinsí síl Éireannacha agus dualfhoinsí áitiúla i bhforbairtí, i dtograí áise agus thart le bóithre

Cuspóir 3 – Cur Chun Cinn Deá-Chleachtais i mBainistiú agus i gCaomhnú Oidhreachta

	Gníomh
3.17	Forbairt Straitéise Comhtháite Bainistíochta Creasa Cósta do Mhaigh Eo a chur chun cinn
3.18	Caomhnú traonach a chur chun cinn
3.19	Treoirlínte deaf-chleachtais a fhorbairt agus traenáil a sholáthar dóibh siúd bainteach le hoibreacha cothabhála bruach abhann
3.20	Oibriú le rannóg pleanála chun cinn Chomhairle Chontae Mhaigh Eo chun ráitis deartha bhailte fearainn a threorú do bhailte fearainn roghnaithe i gContae Mhaigh Eo i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla
3.21	Ceapachán Oifigigh Caomhnaithe a lorg
3.22	Feabhsúchán suíomh agus bainistíocht leachtanna cuimhneacháin agus suíomhanna seandálaíochta sa chontae a chur chun cinn
3.23	Seimineáir agus ceardlanna a eagrú ar chúram agus ar chaomhnú foirgneamh traidisiúnta d'úinéirí struchtúr cosanta agus do dhaoine eile a bhfuil spéis acu i gcaomhnú foirgneamh stairiúil
3.24	Seicliosta a réitiú de ghnéithe oidhreachta chun úsáid ar-suíomh ag pleanálaithe i measúnú iarratas forbartha
3.25	Cuidiú a thabhairt do ghrúpaí pobal áitiúil i mbun foilseachán áitiúil oidhreachta (nasctha le Gníomh 1.26)
3.26	Plean caomhnaithe d'Oileáin Inis Gé a réiteach
3.27	Togra a threorú ar chúram, ar chothabháil agus ar thaifeadadh reiligí le 3 phobal áitiúla agus múnla deá-chleachtais a fhorbairt (nasctha le Gníomh 3.28)
3.28	Seimineár a óstáil ar chúram agus ar chaomhnú reiligí stairiúla (nasctha le Gníomh 3.28)
3.29	Bunú Cartlainne Contae a lorg
3.30	Clár Caighdeán Músaem na Comhairle Oidhreachta d'Éirinn a chur chun cinn
3.31	Cuidiú le hócáid bhliantúil traenála a eagrú dóibh siúd ag obair i, nó bainteach le hoidhreacht Mhaigh Eo a bhailiú, a chaomhnú a thaispeáint nó a fhoilsiú, bunaithe ar théamaí Chlár Caighdeán Músaem Chomhairle Oidhreachta na hÉireann

Ráiteas Straitéise

2006 - 2011

Díríonn an chuid seo ar an gcaoi a ndéanfar Plean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo a thabhairt amach thar na gcúig bliana atá ag teacht.

Is plean contae iomláin é Plean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo ag a bhfuil cuid mhaith comhpháirtithe freagrach dá fheidhmiú. Cé gur eochairchomhpháirtí é Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus go mbeidh an tOifigeach Oidhreachta ag feidhmiú i mórán cásanna mar chomhordaitheoir do thograí, lorgóidh an Fóram Oidhreachta comhpháirtíocht eochairchomhpháirtithe i bhfeidhmiú na ngníomhartha aitheanta san bPlean Oidhreachta. I ngeall ar gurb' é an Plean Oidhreachta seo an chéad cheann don gcontae ag léiriú cur chuige nua do chúram oidhreachta agus bainistíochta, beidh sé tábhachtach solúbthacht a cheadú nuair a thiocfaidh cur i bhfeidhm ghníomhartha de réir mar a éabhloidh an struchtúr nua.

Meastar buiséad tuairim is €500,000 do ghníomhartha a chur i bhfeidhm thar shaol an phlean, gan costais foirne a chur san áireamh. Teastaíonn meánbhuiséad bliantúil de €100,000 uaidh seo. Ba chóir a aithint go dteastóidh íosmhéid maoinithe do chuid de na gníomhartha, agus go dtiteann cinn eile, cé go dtugann an Fóram Oidhreachta cúnamh dóibh, lasmuigh de théarmaí tagartha an phlean dá soláthar.

Léiríonn an Plean Náisiúnta Oidhreachta, a foilsíodh i 2002, go mbeidh buiséad de €12.7m ar fáil thar tréimhse 5 bliana i gcóir feidhmiú pleananna oidhreachta Áitiúla. Níl aon chomhartha go dáta ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go gcuirfear maoiniú ar fáil chun cuidiú le seachadadh Pleananna Oidhreachta i 2005.

Tá an Chomhairle Oidhreachta tar éis aontú i bprionsabal an Plean a mheas mar iarratas maoinithe straitéiseach cúig bliana. Déanfaidh an Chomhairle Oidhreachta maoiniú a thabhairt do ghníomhartha atá ar comhréir le cuspóirí na Comhairle.

Leagann an Plean síos gníomhartha don tréimhse chúig bliana, 2005 - 2010. Déanfar clár mionsonraithe oibre a tharraingt suas do gach bliain ag imlíniú gníomhartha, comhpháirtithe, foinsí maoinithe agus frámaí ama. Molfaidh Fóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo an clár oibre bliantúil tar éis bheith i gcomhairle leis na comhpháirtithe uilig. Déanfaidh Fóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo monatóireacht ar an gclár bliantúil oibre gach bliain agus déanfaidh siad feidhmiú an Phlean a luacháil i mbliain a trí.

Aguisín

Aguisín I – Ballraíocht Fhóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo

Ainm	Earnáil	Áisíneacht/Comhlacht
Clr. Margaret Adams	Údarás Áitiúil	Comhairle Chontae Mhaigh Eo
Clr. Henry Kenny	Údarás Áitiúil	Comhairle Chontae Mhaigh Eo
Clr. Eugene Lavin	Údarás Áitiúil	Comhairle Chontae Mhaigh Eo
Clr. Johnny Mee	Údarás Áitiúil	Comhairle Chontae Mhaigh Eo
Clr. Jarlath Munnelly	Údarás Áitiúil	Comhairle Chontae Mhaigh Eo
Clr. Pat McHugh	Údarás Áitiúil	Comhairle Chontae Mhaigh Eo
Clr. Aidan Crowley	Údarás Áitiúil	Comhairle Bhaile Chaisleán an Bharraigh
Clr. Peter Flynn	Údarás Áitiúil	Comhairle Bhaile Chathair na Mart
Clr. Johnnie O'Malley	Údarás Áitiúil	Comhairle Bhaile Bhéal an Átha
Mr. Joe Lofus	Comhairle Chontae Mhaigh Eo	Stiúrthóir Seirbhísí, Gnóthaí Corparáideacha
Dr. Deirdre Cunningham	Comhairle Chontae Mhaigh Eo	Oifigeach Oidhreachta
Ms Kitty O'Malley	Comhairle Chontae Mhaigh Eo	Pleanálaí Feidhmitheach Sinsearach
Mr. Austin Vaughan	Comhairle Chontae Mhaigh Eo	Leabharlannaí Contae
Dr. Susan Mannion	Comhairle Chontae Mhaigh Eo	Coimeádaí Musaem Contae
Mr. Gerry Walsh	Comhairle Chontae Mhaigh Eo	Seandálaí Sinsearach
Mr. Dennis Strong	Roinn Rialtais	RCORA (SNPF)
Mr. Tom Kavanagh	Áisíneacht Stáit	Seirbhís Fhoraoiseachta
Mr. Declan Cooke	Áisíneacht Stáit	BIRTT
Ruaidhrí de Barra	Áisíneacht Stáit	BII
Seamus Ó Mongháin	Áisíneacht Stáit	Teagasc
Ms Rosa Meehan	Áisíneacht Stáit	Músaem Náisiúnta na hÉireann, Saol Tuaithe
Dr. Seán Lysaght	Oideachas	ITGM
Mr. Michael Biggins	Comhpháirtí Sóisialta	CFÉ
Mrs. Maura King	Comhpháirtí Sóisialta	CUSBÉ
Ms Jo Ortelli	Forbairt Áitiúil	Grúpa Leader Mhaigh Eo
Mr. David Breen	Forbairt Áitiúil	Bord Forbartha Mhaigh Eo
Mr. Jim Henry	Comhpháirtí Sóisialta	Cumann Lucht Tráchtála Mhaigh Eo
Mr. P.J. Lynn	Pobal agus Deonach	Fóram Pobail Mhaigh Eo
Fiachra Mac Gabhann	Comhpháirtí Sóisialta	Ceardchumann
Gearóidín Ní Ghrúinéil	Cumann Oidhreachta	Cumann Staire Mhaigh Eo

Aguisín I – Ballraíocht Ghrúpaí Oibre Oidhreachta

Oidhreacht Fhoirgnithe

Clr. Johnny Mee, CCM
Clr. Henry Kenny, CCM
Clr. Margaret Adams, CCM
Clr. Eugene Lavin, CCM
Clr. Pat McHugh, CCM
Clr. Jarlath Munnelly, CCM
Clr. Johnnie O'Malley, Comhairle Baile Bhéal an Átha
Clr. Peter Flynn, Comhairle Baile Chathair na Mart
Ms. Kitty O'Malley, Pleanálaí Feidhmeítheach Sinsearach, Pleanáil Chun Cinn, CCM
Mr. Gerry Walsh, Seandálaí Sinsearach, Oifig Deartha Réigiúnach
Ms Greeta Keena, Ailtire Sinsearach, Rannóg na nAiltirí, CCM
Mr. Tony McNulty, Innealtóir Sinsearach, Oifig Deartha Réigiúnach, CCM
Dr. Deirdre Cunningham, Oifigeach Oidhreachta, Pleanáil Chun Cinn, CCM
Mr. Michael Biggins, CFÉ
Ms Jacqueline Donnelly, Aonad Comhairlitheach Ailtireachta Oidhreachta, RCORA
Mr. Michael Horan, Ailtire Comhshaoil
Ms Maura King, CUSBÉ
Mr. John Mayock, Cumann Staire Chathair na Mart

Oidhreacht Nádúrtha / Bithéagsúlacht

Clr. Johnny Mee, MCC
Mr. John McMyler, Rannóg Pleanála, CCM
Mr. Michael Lyons, Innealtóir Feidhmitheach Sinsearach, Oifig Deartha Bóithre, CCM
Dr. Deirdre Cunningham, Oifigeach Oidhreachta, MCC
Mr. Tom Kavanagh, Seirbhís Foraoiseachta
Mr. Dennis Strong, SNPF, RCORA
Mr. Declan Cooke, BIRTT
Ruaidhrí de Barra, BIRI
Séamus Ó Mongháin, Teagasc
Dr. Seán Lysaght, ITGM
Ms. Jo Ortelli, Leader
Mr. David Breen, Bord Forbartha Chontae Mhaigh Eo
Mr. Derek McLoughlin, Cairde Éanlaith Éireann
Ollamh Mike Williams, ONÉG
Mr. Michael Biggins, CFÉ

Aguisín I – Ballraíocht Ghrúpaí Oibre Oidhreachta

Oidhreacht Seandálaíochta / Chultúrtha

Clr. Johnny Mee, CCM

Clr. Margaret Adams, CCM

Mr. Gerry Walsh, Seandálaí Sinsearach, CCM

Mr. Jim Henry, Cumainn Tráchtála Mhaigh Eo

Mr. P.J. Lynn, Fóram Pobail Mhaigh Eo

Fiachra Mac Gabhann, Ceantar Cheardchumann Chaisleán an Bharraigh

Mr. Austin Vaughan, Leabharlannaí Sinsearach, CCM

Dr. Susan Mannion, Coimeádaí an Mhúsaeim Contae, CCM

Ms Rosa Meehan, Músaem Náisiúnta na hÉireann, Páirc Thurlaigh

Gearóidín Ní Ghruinéil, Cumann Staire Mhaigh Eo

Ms Jane O'Shaughnessy, Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta, RCORA

Dr. Deirdre Cunningham, Oifigeach Oidhreachta, CCM

Athchoimrí

CCM	Comhairle Chontae Mhaigh Eo
SNPF	Seirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra
RCORA	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
BIRTT	Bord Iascaigh Réigiúnach Thiar Thuaidh
ITGM	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo
ONÉG	Ollscoil Náisiúnta Éireann, Gaillimh
CFÉ	Cumann Feirmeoirí Éireann
CUSBÉ	Cumann Uachtarlanna agus Soláthróirí Bainne na hÉireann

Aguisín II – Próiseas an Phlean Oidhreachta

Feabhra 2004	Cead bainte amach ó fhoireann bhainistíochta Chomhairle Chontae Mhaigh Eo do mhodheolaíocht agus struchtúr ballraíochta Fhóram Oidhreachta Mhaigh Eo.
Feabhra 2004	Cead bainte amach ó Phleanáil agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus ó Choistí Polasaithe Straitéiseacha Cultúrtha, Oideachais, Oidhreachta agus Gnóthaí Corpartha do mhodheolaíocht Phlean Forbartha agus do bhallraíocht ar an bhFóram Oidhreachta.
Márta 2004	Próiseas Plean Oidhreachta bronnta ar Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus ballraíocht an Fhóraim Oidhreachta deimhnithe. Baill thofa ainmnithe le bheith ar an bhFóram.
Márta 2004	Plean Oidhreachta bronnta ar Chomhairlí Baile; ball tofa ó gach comhairle ainmnithe le bheith ar an bhFóram.
Aibreán 2004	Próiseas Plean Oidhreachta bronnta ar an mBord Forbartha Contae agus iarrtha ar ionadaí a bheith ar an bhFóram
Meitheamh 2004	Fóram Oidhreachta Mhaigh Eo bunaithe go foirmeálta
D. Fómhair 2004	An Chéad Chruinniú d'Fhóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo; trí ghrúpa oibre bunaithe: Foirgnithe, Nádúrtha agus Seandálaíocht/Cultúr
D. F.-Nollaig 2004	Próiseas comhairlitheach poiblí tionscnaithe le cuirí tugtha trí fhógraí nuachtáin d'aighneachtaí. Reáchtáladh cruinnithe i ngach toghcheantar
Fea-Beal 2005	Tháinig gach grúpa le chéile trí go cúig h-uaire chun aighneachtaí a athbhreithniú agus gníomhartha a cheapadh don bplean
Meitheamh 2005	An dara cruinniú d'Fhóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo chun Dréachtphlean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo a mheas
Meitheamh 2005	Dréachtphlean Forbartha bronnta ar SPC Cultúrtha, Oideachais, Oidhreachta, agus Gnóthaí Corparáideacha i gcóir a chomhaontaithe
Iúl 2005	Dréachtphlean Oidhreachta bronnta ar SPC Pleanála agus Forbartha Eacnamaíochta i gcóir a chomhaontaithe
Iúl 2005	Dréachtphlean bronnta ar Chomhairle Chontae Mhaigh Eo i gcóir a ghlactha
M. F.. - Samh 2005	Comhairliúchán poiblí ar dhréachtphlean le cuirí tugtha trí fhógraí nuachtáin d'aighneachtaí. Reáchtáladh cruinnithe poiblí i ngach toghcheantar.
Bealtaine 2006	An tríú cruinniú den bhFóram Oidhreachta chun aighneachtaí a mheas agus an plean deireanach a chomhaontú
Bealtaine 2006	Plean bronnta ar SPC Cultúrtha, Oidhreachta agus Oideachais i gcóir a ghlactha
Meitheamh 2006	*Plean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo 2006-2011* glactha ag baill thofa de Chomhairle Chontae Mhaigh Eo

Cuireadh an próiseas ar an eolas ag '*Modheolaíocht d'Oifigigh Oidhreachta Údarás Áitiúil ar Ullmhú Pleananna Oidhreachta Contae/Cathrach*' na Comhairle Oidhreachta

Aguisín III – Comhairliúchán Poiblí

Aighneachtaí faighte ó:

Daoine Aonair

Margaret Sweeney
John Moran
Owen Hughes
C Stark
Liam Sadler
Oliver Murphy
Shirley Piggins
Gerry Kennedy
John Handel
Sonia Kelly
Michael Viney
David Shaw-Smith
Clr. Joe Mellett
Clr. Frank Chambers
Oll. Peter Harbison
Clr. Willie Nolan
Peter Jordan
Audrey Chapman
Jarlath Dunford
Jarlath Sweeney
Tom King
Carina Dingerkus
Breege O'Brien

Eagraíochtaí

Roger Garland
Brian Hoban
Heather Kelly
Wendy Stringer
Shirley Piggins
Dermot Keane
Sarah Fields
Seán Carolan
Tom Kavanagh
Órla Fahy
Séamas Mac Philib
Caroline Hurley
Maura Ryan
Bairbre Ní Fhloinn
Declan Little
Kate McAney
William Hoff
P.F. Nolan
Brendan Delany
Oll. John Bracken
Nancy Smith
John Farragher
Robert Meehan
Getry Collins
Seán Lysaght
James Reddiough
Greasáin Mhúsaem Mhaigh Eo
Mayo Abbey Heritage Society

Keep Ireland Open
Mayo Rambler Tours
Clogher Community Council
Cairde Éanlaith Mhaigh Eo
Westport Civic Trust
Neale heritage & Development Association Ltd
Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann
MurrCo Conservation and Development Ltd
Seirbhís Foraoiseachta
Seirbhís Foraoiseachta
Musaem Náisiúnta na hÉireann - Saol na Tuaithe
IPCC Bog of Allen Nature Centre
Scoil Mhachaire Seandálaíochta Acla
Roinn Béaloideas Éireann, Coláiste Ollscoile BÁC
Woodlands of Ireland
The Vincent Wildlife Trust
Mills and Millers of ireland
An Roinn Cosanta
Bainisteoir Cartlanna agus Oidhreachta BSL
Aquens
Músaem an Dáibhéadaigh
CFÉ
Institiúid Geolaithe Éireann
Quiet Man Heritage Centre, Conga
ITGM, Caisleán an Bharraigh
Age Action Ireland

Freastal ar Chruinnithe Comhairliúcháin Poiblí

Caisleán an Bharraigh, Béal an Átha, Baile an Róba, Clár Chlainne Mhuiris, Cathair na Mart, Béal Átha na Muice, Acaill, Béal an Mhuirthead

Mary Boyle
Seán Boyle
Jim Brown
Monica Browne
Aiden Clarke
P.J. Clarke
Ray Cooper
Colm Cronin
Jarlath Dunford
Linus Fahy
Billy Freeley
Thomas Gallagher
Bill Galloway
Iris Galloway
Jim Gilvarry
Brian Hoban
Breege Hyland
Jim Hyland
Heather Kelly
Rob Kennan
Ann Kirrane
Paddy Leech
Bernie Lynn
P.J. Lynn
Susan Mannion
Katherine Mangan
Fintan Masterson
John Mayock
Ian Mac Aindriú
Seán McGrath
Marian McHugh
Sally McKenna
Clr. Michael McNamara
Dominic Moran
Imelda Moran
John Moran
Clr. Jarlath Munnelly
Michael Murphy
Martin Neary
Rita Nolan
Noel O'Neill
Rory O'Neill
Jo Ortelli
Ger Padden
Shirley Piggins
Wendy Stringer
Pat Warde

Aguisín IV – Liosta Reachtaíochta Baintí Náisiúnta agus AE

Oidhreacht Seandálaíochta

Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004
Acht um Fhorais Náisiúnta Chultúir 1997

Oidhreacht Seandálaíochta

Achtanna um Phleanáil agus Fhorbairt 2000-2004
Acht na hOidhreachta Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) agus na Séadchomharthaí Stairiúla (Forálacha Ilghnéitheacha) 1999

Oidhreacht agus Pleanáil

Achtanna um Phleanáil agus Fhorbairt 2000-2004
Acht Oidhreachta 1995
Treoir um Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC) (Treoir Chomhairle 85/337/CÉ) 1985
Treoir um Mheasúnú Straitéise Comhshaoil (MSC) (Treoir Chomhairle 2001/42/CE)

Tírdhreacha

Acht um Phleanáil agus Fhorbairt 2000

Músaeim agus Cartlanna

Acht um Fhorais Náisiúnta Chultúir 1997
Acht Rialtais Áitiúil 2001
Acht um Chartlanna Náisiúnta 1986

Oidhreacht Nádúrtha

Acht um Fhiadhúlra 1976
Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000
Acht Iascaigh (Comhdhlúthú) 1959
Acht Iascaigh (Leasú) 1999
Treoir le hÉin (Treoir Chomhairle 79/409/CÉ) 2000
Treoir Ghnáthóga (Treoir Chomhairle 92/43/CE) 1992
Creat-Treoir Uisce (Treoir Chomhairle 2000/60/CE) 2000
Treoir iascaigh Úruisce (Treoir Chomhairle 78/659/CE) 1978

Coinbhinsiúin agus Comhaontais Idirnáisiúnta *atá sínithe agus daingnithe ag Éirinn*

Seandálaíocht

Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta Eorpaí (Coinbhinsiún Valletta) 1997

Ailtireacht

Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Ailtireachta Eorpaí (Coinbhinsiún Granada) 1997

Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Coinbhinsiún UNESCO um chosaint na hOidhreachta Domhanda Cultúrtha agus Nádúrtha

Oidhreacht Nádúrtha

Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch

Coinbhinsiún maidir le Tírdhreach Eorpach 2000

Coinbhinsiún maidir le Cosaint Fhiadhúlra Eorpach agus Ghnáthóga Nádúrtha (Coinbhinsiún Beirne) 1979

Coinbhinsiún maidir le Caomhnú Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (Coinbhinsiún Bonn) 1979

Coinbhinsiún um Bhogaigh a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo (Coinbhinsiún Ramsar) 1971

Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis i mBaol (CTISB) 1973